II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/2287 ÓN gCOIMISIÚN

an 12 Lúnasa 2022

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2065 lena mbunaítear plean maidir le hábhar muirí aischurtha le haghaidh iascach turbard sa Mhuir Dhubh a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis an díolúine ard-inmharthanachta ón oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír le haghaidh turbard sa Mhuir Dhubh

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1954/2003 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 2371/2002 agus (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ([1]) ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 15(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, bunaítear oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír i gcás gach gabhála de speicis atá faoi réir teorainneacha gabhála. Faoi Airteagal 15(1), pointe (d), de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, beidh feidhm ag an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír maidir le speicis lena sainítear na hiascaigh ón 1 Eanáir 2017 ar a dhéanaí. Tá turbard sa Mhuir Dhubh ar cheann de na speicis sin.

(2) An 20 Deireadh Fómhair 2016, ghlac an Coimisiún Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/87 ón gCoimisiún ([2]) lena mbunaítear plean maidir le hábhar muirí aischurtha le haghaidh iascach turbard sa Mhuir Dhubh, lena bhforáiltear maidir le díolúine inmharthanachta i dtaca le turbard a ghabhtar le heangacha geolbhaigh grinneallsocraithe. Bhí feidhm aige ón 1 Eanáir 2017 go dtí an 31 Nollaig 2019. An 25 Lúnasa 2021, glacadh Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2065 ón gCoimisiún ([3]) lena mbunaítear plean maidir le hábhar muirí aischurtha le haghaidh iascaigh ghrinnill áirithe sa Mheánmhuir, agus beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2022 go dtí 31 Nollaig 2022.

(3) Tá leas díreach bainistíochta iascaigh ag an mBulgáir agus ag an Rómáin i saothrú turbard sa Mhuir Dhubh. An 12 Feabhra 2021, chuir na Ballstáit sin moladh comhpháirteach faoi bhráid an Choimisiúin ina n-iarrtar athnuachan a dhéanamh ar an bplean maidir le hábhar muirí aischurtha agus ar an díolúine inmharthanachta le haghaidh turbard a ghabhtar le heangacha geolbhaigh grinneallsocraithe sa Mhuir Dhubh. An 15 Iúil 2021, chuir na Ballstáit sin moladh comhpháirteach nuashonraithe isteach. I gcomhréir le hAirteagal 3(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2065, chuir na Ballstáit sin sonraí breise isteach an 29 Aibreán 2022 agus an 10 Bealtaine 2022 maidir le meastacháin marthanais a bhaineann le hiascach eangaí geolbhaigh le haghaidh turbaird a ghabhtar le heangacha geolbhaigh grinneallsocraithe sa Mhuir Dhubh.

([1]) IO L 354, 28.12.2013, lch. 22.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/87 ón gCoimisiún an 20 Deireadh Fómhair 2016 lena mbunaítear plean maidir le hábhar muirí aischurtha le haghaidh iascach turbard sa Mhuir Dhubh (IO L 14, 18.1.2017, lch. 9).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2065 ón 25 Lúnasa 2021 gCoimisiún lena mbunaítear plean maidir le hábhar muirí aischurtha le haghaidh iascach turbard sa Mhuir Dhubh (IO L 421, 26.11.2021, lch. 14).

(4) Rinne an Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach ([4]) ("STECF") meastóireacht ar an moladh comhpháirteach nuashonraithe a cuireadh isteach agus ba dhíol sásaimh dó na hiarrachtaí a rinneadh chun staidéar inmharthanachta a dhéanamh ar an turbard sa Mhuir Dhubh inar breathnaíodh ar bheocht na n-iasc a gabhadh. Thug STECF aitheantas freisin go bhfuil na sonraí a cuireadh ar fáil luachmhar chun measúnú a dhéanamh ar mharthanas turbard. Léiríodh sa staidéar a rinneadh in uiscí na Bulgáire agus na Rómáine ráta ard beogachta (níos mó ná 80 %) de thurbaird a gabhadh in eangacha geolbhaigh aonfhiliméid. Sa chomhthéacs sin, ba é conclúid STECF go bhfuil an inmharthanacht ard.

(5) An 7 Iúil 2022, chuir an Bhulgáir agus an Rómáin moladh comhpháirteach nuashonraithe isteach maidir le síneadh a chur leis an díolúine ar ard-inmharthanacht turbard leis an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír sa Mhuir Dhubh ar feadh 2 bhliain.

(6) Measann an Coimisiún go bhfuil an fhianaise inmharthanachta a léiríodh sa staidéar dá dtagraítear ard a dhóthain. Dá bhrí sin, ba cheart síneadh a chur leis an díolúine faoi Airteagal 15(4), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013. Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2065 a leasú dá réir.

(7) Ós rud é go mbíonn tionchar díreach ag na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann le séasúr iascaireachta shoithí an Aontais agus ar phleanáil na séasúr sin, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm láithreach tar éis a fhoilsithe. I gcomhréir leis an moladh comhpháirteach, agus an t-amchlár a leagtar amach in Airteagal 15(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 á chur san áireamh, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo tráth níos déanaí;

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2065 mar a leanas:

(1) In Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Maidir leis an díolúine ón oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír de bhun Airteagal 15(4), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir le speicis a léiríonn fianaise eolaíoch rátaí arda marthanais a bheith acu, beidh feidhm aici go dtí an 31 Nollaig 2024 maidir le turbaird (*Scophthalmus maximus*) a ghabhtar le heangacha geolbhaigh grinneallsocraithe (GNS) sa Mhuir Dhubh."

(2) In Airteagal 3, scriostar mír 3.

(3) In Airteagal 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt:

"Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 31 Nollaig 2024."

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 12 Lúnasa 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([4]) Meastóireacht ar Mholtaí Comhpháirteacha maidir leis an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír agus ar an Rialachán maidir le Bearta Teicniúla (STECF-22-05)